Gaelscoil Chaobh na Coille

TUAIRISC BLIANTÚIL AN BHOIRD BAINISTÍOCHTA 2016

# Gaelscoil Thaobh na Coille

Bord Bainistíochta 2015 - 2019
Cathaoirleach : Conor Mac Daid
Cisteoir : Sharon Ní Cheallaigh
Rúnaí : Emer Nic Chonchradha
Ionadaithe an Phatrúin
Conor Mac Daid & Oilibhéar Ó hAodha
Ionadaithe na dTuismitheoirí
Daithí Ó Murchú & Sharon Ní Cheallaigh
Ionadaithe ón bPobal
Lorcán Mac Gabhann & Ailín Ní Dhomhnaill
Príomhoide & Ionadaí Fóirne
Emer Nic Chonchradha & Fiona Ní Chléirigh

Thosaigh Bord Bainistíochta nua ag feidhmiú ag deireadh mí na Samhna 2015. Tá cothromaíocht mhaith ar an mBord ó thaobh baill de, baill nua agus baill le taithí agus is cinnte go gcuidíonn sé seo linn agus muid ag thabhairt faoi fheidhmiú éifeachtach na scoile a stiúradh.

*The new Board of Management is up and running since the end of November 2015. There is a good balance of new and experienced members on the Board which is a great help to us as we steer our school through the next few years.*

## BLIAIN STAIRIÚIL DON SCOIL & DON TÍR
## A historic Year for the School & for the Country

Bhí an-bhliain go deo againn i nGaelscoil Thaobh na Coille i mbliana. Bliain stairiúil i saol na scoile agus muid ag ceiliúradh 20 bliana ó bunaíodh an scoil i 1995. Bhí bliain an-speisialta ceiliúrtha againn ar fad páistí, múinteoirí agus tuismitheoirí araon. Eagraíodh imeachtaí álainn le 20 bliana na scoile a cheiliúradh - ina measc bhí Aifreann ceiliúrtha, Dinnéar Ceiliúrtha íontach in Óstán Chúirt an Phaoraigh i mí Feabhra srl. Tá moladh ar leith ag gabháil don Choiste a chuaigh i mbun an dinnéar a reachtáil - mairfidh an oíche sin inár gcuimhní i bhfad amach anseo. Tá dlúthdhiosca scoile 'Fiche Bliain ag Fás' taifeadta againn ar a bhfuil gach páiste sa scoil ag canadh & beidh sé sin réidh agus ar díol ag tús mí Meán Fómhair.

*What a great year we had in Gaelscoil Thaobh na Coille. A special year in the life of the school as we celebrated 20 years since it's founding in 1995. Pupils, teachers and parents celebrated this special year. Special events were organised to celebrate the school's 20th anniversary year - A Celebratory Mass and the wonderful Dinnéar Ceiliúrtha in Powerscourt Hotel in February.*

*Once again I would like to congratulate the Coiste who organised the Dinnéar Ceiliúrtha as I know that great night will remain in our memories for a long time to come. We have recorded a Music CD called 'Fiche Bliain ag Fás' and everychild in the school is singing on it. The CD has gone to press and will be ready & on sale in September.*

Bhí bliain iontach againn ó thaobh na staire & an chultúr de le Lá an Fhorógra agus na himeachtaí ar fad a bhain le ceiliúradh Éirí Amach 1916. Nach iontach mar a bhogamar siar 100 bliain ó 2016 go 1916 ar lá an Fhorógra nuair a tháinig páistí & múinteoirí uile na scoile isteach gléasta in éadaí na linne.

*We had a great historic and cultural year also with Proclamation Day and all the events that were organised to celebrate the 1916 Easter Rising. Wasn't it wonderful to see all the pupils, staff and parents going back 100 years from 2016 to 1916 by coming to school dressed in the clothes of the era on Proclamation Day.*

Bliain stairiúil freisin ó thaobh an Spóirt de…ceithre craobh de chuid Cumann na mBunscol buaite in aon bhliain amháin – Peil na gCailíní, Peil na mBuachaillí, Craobh Iománaíocht & Craobh Camógaíochta buaite againn! Is muid an chéad scoil i stair Chumann na mBunscol a bhfuil ceithre chraobh buaite acu i mbliain amháin. Buíochas leis na múinteoirí & na tuismitheoirí a rinne treanáil ar na páistí i rith na bliana: Maoilíosa Ó Dubhthaigh, Máirín Ní Dhubhtaigh, Karl Priestley. Eavan Ní Mhuirgeasa, Bróna Ní Bhaoill, Ríchеal Ní Thiarnaigh, Oisín Mac Muiris, Turlach Ó Meachair & Gearóid Ó Riain.

*We also had a historic sporting year winning four the Cumann na mBunscol league finals in one school year - Boys & Girls Football Finals, Hurling Final and Camogie Final! We are the first school in the history of Cumann na mBunscol to have won four titles in one year. Buíochas to the teachers and parents who train the children and attend the matches throughout the year.*

Bliain fíor-ghnóthach ach fíor-thaitneamhach go deo a bhí ann. Buíochas leis an bhfoireann ar fad as an dian-obair a rinne siad i mbliana agus as an tacaíocht a thugadar dá chéile agus domsa.

*What an extraordinarily busy but enjoyable & successful year. Thanks to all the staff for their hard work and dedication not to mention the continuous support they give each other and to me.*

Mar a deir an seanfhocal *'Ar scáth a chéile a mhairimíd'.*

Foireann *Staff*

Ba mhaith leis an mBord Bainistíochta buíochas ó chroí a ghabháil leis na múinteoirí Tomás Mac Uileagóid, Niamh Ní Dhúill, Bernie Ní Ruadaigh, Maoilíosa Ó Dubhthaigh, Máirín Ní Dhubhthaigh, Cormac Chambers, Fiona Ní Chléirigh, Máire Mhic Gabhann, Máire Cáit Ní Dhubhgáin, Eavan Ní Mhuirgheasa, Sadhbh Ní Fhloinn, Aoife Ní Chearnaigh, Deirdre Uí Dhónaill, Clíodhna Ní Leocháin, Rícheal Ní Thiarnaigh, Rónán Mac Niallais, Karl Priestley, Colm Ó Coisdealbha, Orla Ní Fhicheallaigh, Oisín Mac Muiris & Caitríona Bairéad as an obair iontach a rinne siad sa scoil an bhliain seo thart 2015/2016. Is liosta le háireamh an méid atá déanta acu i rith na bliana sa seomra ranga agus lasmuigh di agus tá an-chreidiúint ag dul dóibh as ucht a ndíogras, a ndúthracht agus a ndílseacht don scoil.

*We would like to take this opportunity to thank the teachers for all that they have done during this last school year 2015/2016. They have worked extremely hard both inside and outside the classroom and great credit is due to each and every one of them for their dedication, diligence and commitment to our school.*

Go raibh maith agaibh Orla Ní Shé & Anne-Marie Mhic Lochlainn ár gCRS as a bheith chomh lách, cineálta leis na páistí sa scoil agus as tacú leis na múinteoirí sa seomra ranga agus sa chlós.

*Go raibh maith agaibh Orla Ní Shé & Anne-Marie Mhic Lochlainn our two SNA's for always being kind, gentle and patient with the pupils and supporting the teachers in the classroom & in the yard.*

Buíochas mar is gnáth lenár rúnaí iontach Margaret Uí Ruairc as gach rud a choinneáil in ord agus in eagar in oifig na scoile. Bheimís caillte gan í.

*Thanks as ever to our wonderful Rúnaí Margaret Uí Ruairc for keeping the office running so smoothly. We would be absolutely lost without her.*

Thosaigh Colm Mac Giolla Phádraig mar Airíoch linn i mbliana. Iar-thuismitheoir de chuid na scoile é agus fear a chaith blianta fada ar an mBord Bainistíochta freisin. Tá an t-ádh dearg linn fear mar é a bheith ag obair ar fhoireann na scoile anois.

*Colm Mac Giolla Phádraig started working in the school as our caretaker this year. Not only is Colm a former parent but he spent many years as a member of our Board of Management as well. There is very little that Colm cannot do and we are extremely lucky to have him on staff here in the school.*

Comhgháirdeas mór le Sadhbh Ní Fhloinn a phós le déanaí agus le Cormac Chambers a bheidh ag pósadh freisin ag tús mí Iúil.

*Congratulations to Sadhbh Ní Fhloinn on her recent nuptuals and good luck and congratulations also to Cormac Chambers who is getting married in early July.*

Beidh an scoil ag forbairt don uair dheirneach an bhliain seo chugainn agus beidh thart ar 470 dalta & 20 múinteoir lán-aimseartha sa scoil.

*The school is heading into our final year of major growth and next year we will have c. 470 pupils and 20 full-time permanent teachers in the school.*

Coiste na dTuismitheoirí

Buíochas le Coiste na dTuismitheoirí as ucht a dtacaíocht don scoil i rith na bliana. D'eagraigh siad imeachtaí shóisialta agus tiomsaithe airgid don scoil agus thacaigh siad leis an iliomad imeachtaí scoile a i rith na bliana. Bhronn an Coiste €12,000 a thiomsaigh siad i 2015 ar an scoil ag an gcruinniú chin bhliana i mí Feabhra. Chuaigh an t-airgead sin i dtreo na costais a bhí ar an scoil an Clós Uile-aimsire a thógáil. Tá muid ag súil le h-ineistiú a dhéanamh ar fhearas TFC an bhliain seo chugainn agus táimid ag smaoineamh ar throllaí ríomhairí glúine a cheannacht a úsáidfear i ranganna sinsearach na scoile.

*Buíochas le Coiste na dtuismitheoirí for all their help and support again this year. The Coiste organised many social and fundraising activities throughout the year as well as helping out and supporting many other school events. At their AGM Coiste na dTuismitheoirí presented the Board with €12,000 they had fundraised during 2015. This money went towards the cost of installing the all-weather yard in the school. We are hoping to invest in ICT equipment next year and are looking into possibly purchasing a laptop trolley (containing c.16 laptops with docking stations) which will be used by the classes at the senior end of the school.*

I measc na n-imeachtaí a d'eagraigh an Coiste i 2015/2016 bhí

- AGM
- Bronntanas Rúnda
- Cranchur Cásca
- Oíche Scannáin
- Oíche Shóisialta
- Tráth na gCeist Boird
- Oíche Biongó
- Siúlóid Urraithe
- Bricfeasta Céad Chomaoineach/Cóineartú
- Griangrafadóir Scoile
- Tae/caifé d'oíche na dtusití nua & cuairt na naíonáin
- Lón & Dinnéar do dhaltaí Ysgol Gymraeg Morswyn

Buíochas le Karen Uí Mháille (Cathaoirleach), Julie Stóc l(eas-chathaoirleach,) Gillian Nic Óda (Cisteoir) & agus baill uile an Choiste. Buíochas freisin leis na hionadaithe ranga a thugann tacaíocht agus cabhair dóibh. Déanann siad ar fad sár-obair ar son na scoile agus táimid an-bhuíoch dóibh.

Creidimíd gur páirtnéirí iad na tuismitheoirí i gcomhoideachas na bpáistí agus ba mhaith linn sibh a spreagadh le bheith lán-pháirteach i gcur chun cinn agus i bhforbairt na scoile trí Chumann na dTuismitheoirí agus an Bord Bainistíochta.

*Buíochas to Karen Uí Mháille (Cathaoirleach), Julie Stóc (leas-chathaoirleach), Gillian Nic Óda (Cisteoir) as well as all the other Coiste members. Coiste na dTuismitheoirí do trojan work, for which we are very grateful. Thanks also to the class reps and all other parents who have helped then in one way or another throughout the year.*

Cúrsaí Cothabhála : School Maintenance

Péinteáil na Scoile :

Tá sé i gceist againn tabhairt faoi thús a chuir le hobair cothabhála a dhéanamh ar an scoil I rith an tSamhraidh. Os rud é go bhfuil an fhoirgneamh scoile 7 bliana d'aois anois tá socraithe á dhéanamh againn le conraitheoirí a fháil isteach leis an scoil a phéinteáil ó bhun go barr, laistigh & lasmuigh. Beidh costas mhór ar seo agus beimíd ag íoc as le h-airgead atá curtha i leath-taobh & sábháilte againn do na leithéid le roinnt bliana anuas.

*The Board plan on doing a bit of maintenance on the school over the summer holidays. As the school is now 7 years old we are arranging to get contractors in to paint the school from top to bottom, both inside and out. This project is quite costly and will be paid for by funds we have saved through fundraising activities, hiring out the school hall and voluntary contributions.*

Deisiú Scoilteanna

Tá sé i gceist againn freisin deisiú a dhéanamh ar roinnt scoilteanna atá ar fhallaí seachtarach an fhoirgnimh. Tá súil againn an obair seo ar fad a bheith críochnaithe roimh dheireadh mí Lúnasa. *Work will be done also during the summer to repair some cracks on the exterior of the building. We hope to have completed all this work before the end of June.*

Srianta Páirceála *Parking Restrictions*

Mar is eol daoibh chuir Castlethorn Construction srianta páirceála i bhfeidhm ar an mbóthar isteach chun na scoile mí nó dhó ó shin. Cé gur cuireadh na srianta seo i bhfeidhm go príomha le sábháilteacht na bpáistí a chinntiú is léir go gcuidíonn sé seo go mór le gluaiseacht na tráchta isteach & amach go dtí an scoil. De réir mar a leanann an obair tógála ar aghaidh isteach san Fhómhair/Gheimhreadh agus nuair a tosaítear ar scoil a thógáil béal dorais linn beidh orainn súil ghéar a choinneáil ar chúrsaí tráchta lena chinntiú go mbeidh bealach isteach éascaí & sábháilte againn chun na scoile i gcónaí.

*As you are aware Castlethorn Construction put parking restrictions in place on Belarmine Vale - the approach road to the school. Although the restrictions were put in place primarily for health & safety reasons and to ensure the safety of children going in and out of school it is clear that they also help with the free flow of traffic in and out of the school. As the house building continues into the autumn/winter months and work begins on a new school in the plot adjacent to our school we will need to keep a close eye on this to ensure that we have easy and safe access to the school at all times in the future.*

Taisteal Scoile *School Travel*

Bíonn costas mhór ar thaisteal scoile gach bliain. Íocann an scoil as busanna leis na daltaí a thabhairt ag imeachtaí oideachasúla, spóirt agus cultúrtha i rith na bliana. Íocann an Bord as na busanna ina iomlána nó as cuid de.

*School transport cost are extremely high. However the Board feels that the children benefit greatly form educational, sporting and cultural events that happen outside the school. The Board pays for the the bus in total for some events as well as subsidising many others.*

Éiteas Scoile *School Ethos*

Bunscoil chomhoideachais chaitliceach lán-Ghaeilge

í Gaelscoil Thaobh na Coille

*Gaelscoil Thaobh na Coille is a*

*co-educational catholic All-Irish school*

Gaeilge: Tá an Ghaeilge mar theanga lárnach sa phróiseas foghlama, mar theanga teagaisc & mar mheán cumarsáide. Iarrann an Bord ar thuismitheoirí cuidiú linn tré Ghaeilge a labhairt i gcónaí sa chlós agus thart timpeall na scoile. Tá moladh speisialta toillte ag na tuistí a dhéanann tréan iarracht cibé Gaeilge atá acu a úsáid agus iad ar láthair na scoile. Maith sibh! Cuirimíd béim faoi leith sa scoil ar an gcultúr Gaelach agus spreagtar na páistí ina threo. Buíochas leis na múinteoirí a thugann faoin mBanna Ceoil Scoile a riaradh & a fhorbairt. Buíochas freisin le Nuala Ní Eochaidh ár múinteoir rince Gaelach.

*Gaeilge: The Irish language is central not only to the learning process, as the language of instruction but also as the language of communication. We ask parents to speak Gaeilge at all times in the yard and around the school. In Gaelscoil thaobh na Coille special emphasis is placed on all aspects of Irish Culture and we encourage pupils to partake in cultural activities. Buíochas to the múinteoirí who work with the Banna Ceoil Scoile and to Nuala Ní Eochaidh our Irish Dancing teacher.*

Éiteas Chaitliceach: Múintear an *creideamh Caitliceach* agus cuirtear í ar fáil mar threoir mhórálta sa scoil. Múintear an clár Beo go Deo i ngach rang. Ullmhaíodh na daltaí do na sacraimintí, An Chéad Fhaoistin, Céad Chomaoineach, Searmanas an tSolais agus an Cóineartú. Buíochas le múinteoirí ranga R2 & R6 Eavan Ní Mhuirgheasa, Rónán Mac Niallais & Máire Cáit Ní Dhubhgáin as ucht a gcuid oibre anseo. Buíochas leis an tAthair Leon ó Giolláin as na sacraimintí agus aifrinn scoile a cheiliúradh dúinn. Buíochas freisin leis an tAthair Gerry Moore & foireann paróiste Áth an Ghainimh as an tacaíocht a thugann siad dúinn.

*Catholic ethos: We teach the Catholic religion and we use it as a source of moral guidance in the school. The Alive-O programme is thought in every class. The pupils were prepared for the sacraments, Sacrament of Reconciliation, First Communion, Service of Light and confirmation. Buíochas to the múinteoirí R2 & R6* Eavan Ní Mhuirgheasa, Rónán Mac Niallais & Máire Cáit Ní Dhubhgáin *for their work in this regard. Buíochas mór to an tAthair Leon ó Giolláin for celebrating all the sacraments & the school masses for us. Buíochas to Father Gerry Moore and all the team in Sandyford Parish for their continued support.*

Saoire an tSamhraidh *Summer Holidays*

Déardaoin 30/06/16 @12:00 a chlog

Scoil Dúnta *School Closed* 01/07/16 go 31/08/16

Scoil ag Ath-oscailt *School Re-opens*

Déardaoin 01/09/2016

Fógra i ndáil le hAthbhreithniú an Bhoird Bainistíochta ar an bpolasaí maidir le Caomhnú Leanaí

*Notification regarding the Board of Management's annual review of the child protection policy*

Chuig:<u>Tuismitheoirí Ghaelscoil Thaobh na Coille</u>

Is mian le Bord Bainistíochta Ghealscoil Thaobh na Coille a chur in iúl:

*The Board of Management of Gaelscoil Thaobh na Coille wishes to inform you that:*

- Go ndearnadh athbhreithniú bliantúil an Bhoird Bainistíochta ar pholasaí na scoile maidir le caomhnú leanaí a thabhairt chun críche ag cruinniú an Bhoird ar <u>20/06/2016</u> [dáta].

  *The Board of Management's annual review of the school's child protection policy was completed at the Board meeting of <u>20/06/2016</u>*

- Go ndearnadh an t-athbhreithniú seo de réir an liosta seiceála a leagtar amach in Aguisín 2 le 'Nósanna Imeachta maidir le Caomhnú Leanaí i mBunscoileanna agus i Scoileanna Iarbhunscoile' na Roinne.

  *This review was conducted in accordance with the checklist set out in Appendix 2 of the Department's 'Child Protection Procedures for Primary and Post Primary Schools'*

Síniú  ______________________ Dáta<u>20/06/2016</u>

Cathaoirleach, An Bord Bainistíochta

Síniú  ______________________ Dáta <u>20/06/2016</u>

Príomhoide

Aguisín 5 - Fógra maidir le hathbhreithniú bliantúil an Bhoird Bhainistíochta ar an bPolasaí Frithbhulaíochta

*Appendix 5 - Notification regarding the Board of Management's annual review of the anti-bullying policy*

Meitheamh 2016

Chuig: <u>Tuismitheoirí Ghaelscoil Thaobh na Coille</u>

Is mian le Bord Bainistíochta Ghaelscoil Thaobh na Coille na nithe seo a leanas a chur in iúl duit:

*The Board of Management of Gaelscoil Thaobh na Coille wishes to inform you that:*

- Tugadh athbhreithniú an Bhoird Bhainistíochta ar bheartas frithbhulaíochta na scoile agus a fheidhmiú chun críche ag cruinniú an Bhoirden <u>20/06/2016</u>.

  *The Board of Management's annual review of the school's anti-bullying policy and its implementation was completed at the Board meeting of (see date above).*

Rinneadh an t-athbhreithniú i gcomhréir leis an seicliosta atá leagtha amach i "nGnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile".

*This review was conducted in accordance with the checklist set out in "Anti-Bullying Procedures for Primary and Post-Primary Schools".*

Síniú  ______________________ Dáta<u>20/06/2016</u>

Cathaoirleach, An Bord Bainistíochta

Síniú  ______________________ Dáta <u>20/06/2016</u>

Tá súil agam go mbeidh samhradh iontach agaibh go léir agus feicfimíd arís sibh le cúnamh Dé nuair a osclaíonn an scoil don bhliain scoile nua 2016/2017 ar an Déardaoin an 1 Meán Fómhair 2016.

*I hope you all have a wonderful summer and we'll see each other again on Thursday the 1st of September 2016 when the school re-opens for the 2016/2017 school year.*